Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015***

# *Teicneolaíocht*

## *Gnáthleibhéal*

***Dé hAoine, 19 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

Tá **trí** Roinn sa pháipéar seo. Tabhair faoi **gach** Roinn díobh.
**Roinn A:** Croíchúrsa - Ceisteanna gearrfhreagra.
**Roinn B:** Croíchúrsa - Ceisteanna fadfhreagra.
**Roinn C:** Roghanna - Ceisteanna fadfhreagra.

## *Roinn A - Croíchúrsa* *(72 marc)*

***Treoracha:***

*(a)* *Freagair **naoi gceist ar bith** sna spásanna atá ann dóibh.*
*Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.*

*(b)* *Tarraing na sceitsí go léir le peann luaidhe.*

*(c)* *Tabhair ar ais an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(d)* *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach leathanach eile a úsáideann tú.*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

| Roinn | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| Iomlán | |
| Grád | |

***Scrúduimhir:***

# *Roinn A*. Freagair **naoi gceist** ar bith. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Taispeánann an íomhá *il-uirlis* atá curtha ar an margadh ag an speisialtóir marthanais Bear Grylls.



(i) Ainmnigh **dhá** uirlis san il-uirlis a thaispeántar.

1. ________________________________________

2. ________________________________________

(ii) Déan cur síos ar chúinse **amháin** ina ndéanfadh il-uirlis freastal ar riachtanais duine.

____________________________________________________

____________________________________________________

**2.**



(i) Taispeántar *LEDanna* dearga san íomhá.
Mínigh cad is ciall leis an ngiorrúchán LED.

**LED**: ________________________________

________________________________________

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun *catóid* LED a aithint.

1. ____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

**3.** Baintear úsáid as tuirbíní gaoithe chun fuinneamh a tháirgeadh. Féadfaidh siad a bheith suite ar talamh nó ar muir.



(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tuirbíní gaoithe a úsáid.

1. ____________________________________

2. ____________________________________

(ii) Ainmnigh tiontú fuinnimh **amháin** a tharlaíonn nuair a bhíonn leictreachas á ghiniúint ag tuirbíní gaoithe.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**4.** Tá an-tóir faoi láthair ar phrintéirí gan sreang sa bhaile agus san ionad oibre.



(i) Ainmnigh **dhá** ghaireas atá in ann priontáil go díreach chuig printéir gan sreang.

1. ______________________________

2. ______________________________

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le printéir *léasair* a úsáid seachas *scairdphrintéir*.

1. ______________________________

2. ______________________________

**5.** Taispeánann an íomhá *crios-sábh* atá oiriúnach lena úsáid i seomra na Teicneolaíochta.




(i) Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn crios-sábh á úsáid.

1. ______________________________


2. ______________________________

(ii) Mínigh fheidhm an *scriú teannais* ar an gcrios-sábh a chuirtear in iúl leis an tsaighead **A**.

______________________________

______________________________

**6.** Taispeántar léaráid thall de luamhán.




(i) Ainmnigh an *cineál* luamháin a thaispeántar.


______________________________

(ii) Má chuirtear fórsa 30N i bhfeidhm mar a thaispeántar sa léaráid, ríomh an fórsa **F** is gá chun an luamhán a chothromú.

**Fórsa (F)**:______________________________

______________________________

**7.** Sa bhosca atá curtha ar fáil, déan sceitse dea-chomhréireach 2T den bhinse a thaispeántar nuair a bhreathnaítear air sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.



A

**8.** Sheol BSL 'Mór-Thiomáint an Leictreachais' chun úsáid na gcarranna leictreacha a chur chun cinn in Éirinn .




(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le carranna faoi thiomáint leictreach a úsáid in ionad carranna faoi thiomáint peitril.

1. ________________________________________


2. ________________________________________

(ii) Mínigh cad is ciall le carr *hibrideach*.

________________________________________

________________________________________

**9.** Is meicníocht í seo a thaispeántar trínar féidir cumhacht mheicniúil agus torc a thras-seoladh.



(i) Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar.

________________________________________

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid na meicníochta seo i dtáirge.

________________________________________

________________________________________

**10.** As *bogadhmad* agus *miotal* a dhéantar coinneálaí an tuáille páipéir a thaispeántar.

(i) Ainmnigh *bogadhmad* oiriúnach agus *miotal* oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun coinneálaí an tuáille páipéir a dhéanamh.



**Bogadhmad**: ________________________________

**Miotal**: ________________________________

(ii) Luaigh **dhá** chúis leis an miotal sin a roghnú.

1.________________________________________

2.________________________________________

**11.** Taispeánann an íomhá claochladán ríomhaire glúine a thiontaíonn *SA* ina *SD*.

(i) Mínigh cad is ciall leis na téarmaí SA agus SD.




**SA**: ________________________________

**SD**: ________________________________

(ii) Déantar sruth a thomhas ina aimpéir (A).
Luaigh aonad tomhais na *Friotaíochta*.

Aonad Friotaíochta : ___________________________

**12.** Bain úsáid as **dhá** theicníc ghrafacha chun feabhas a chur ar an léiriú grafach den chroca a thaispeántar.



**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

Leathanach Bán